



**Poetry – Eiceolai**  
**Irish Past Exam Questions**  
**Higher Level**

Paper Two - Section 1 - Question 4F

4F. Dánta Breise – Éiceolaí

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

- (i) Cad é príomhthéama an dáin *Éiceolaí* (thall), dar leat? Déan plé gairid ar an gcaoi a ndéantar léiriú ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. (Pléigh **dhá** theicníc fhileata, ar a laghad, i do fhreagra.) (20 marc)
- (ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:  
Cuirim feochadáin chuici ar an ngaoth.  
Téann mo sheilidí de sciúird oíche ag ithe a cuid leitíse.  
Sineann na driseacha agamsa a gcosa faoin bhfál.  
Is ar an bhféar aici siúd a dhéanann mo chaorthainnse  
cuileanna glasa a thál. (10 marc)
- (iii) An teideal oiriúnach ar an dán é “Éiceolaí”, dar leat? Tabhair **dhá** fháth le do fhreagra. (10 marc)

## Éiceolaí

Tá bean béal dorais a choinníonn caoi ar a teach,  
a fear, a mac,  
is a shíleann gairdín a choinneáil mar iad, go baileach.  
Beireann sí deimheas ag an uile rud a fhásann.  
Ní maith léi fiántas.  
Ní fhoighníonn le galar ná smál ná féileacán bán  
ná piast ag piastáil  
is ní maith léi an bláth a ligfeadh a phiotail ar lár.

Cuirim feochadáin chuici ar an ngaoth.  
Téann mo sheilidí de sciúird oíche ag ithe a cuid leitíse.  
Síneann na driseacha agamsa a gcosa faoin bhfál.  
Is ar an bhféar aici siúd a dhéanann mo chaorthainnse  
cuileanna glasa a thál.

Tá bean béal dorais a choinneodh a gairdín faoi smacht  
ach ní fada go mbainfimid deireadh dúile dá misneach.